

FIGHEADÓIR, TÁILLIÚR, TALMHADHE.

126

Bean a raibh triúr baithsiléaraidhe aice. Ba talmhaidhe duine acab, ba figheadóir an fear eile, ba táilliúr an fear eile. Ní thagaidis ach Dia Domhnaigh. Ní raibh Domhnach ar bith a dtagaidís, nach mbíodh an figheadóir agus an táilliúr chó socruighthe, le beirt ar bith a d'fhéadfadh a bheith. Ní bhíodh an talmhaidhe ach go reasúnta. Ní raibh meas ar bith ag an bhfigheadóir ná ag a táilliúr, ar an talmhaidhe.

"Ní morán achair", adeir an bhean óg, "go mbeidh fhíos agamsa cé'n chaoi a bhfuil gach aon duine agáí".

Ar maidin Dé Luain dheasuigh sí uirthi fhéin culaidh mná bhoichte. Chroch léithe agus níor stop ariamh, go dtáinig sí ag teach an táilliúra. Bhí sé ina shuidhe ar chomhla an doruis, ag feadhail is ag fuagháil. D'iarr sí déirce ar an táilliúr.

"Dheamhan greim le n-ithe ná le n-ól ag gabhail liom", adeir an táilliúr, "go dtagaidh mo mháthair ón margadh".

127

"Muise, d'fhéadfa glac písíní fhéin, a thabhairt dhom a dheasóchadh mo sean-éadaigh".

Thóruigh sé timcheall na comhla, a raibh sé ina shuidhe ann, go bhfuair sé glac píosaí, gur chaith sé amach chuide iad, gur ghlac sí buidheachas leis.

Teach an fhigheadóra an chéad teach eile a dtáinig sí suas leis. Bhí sí a gleáarach, ag figheachán is a gábhail fhuinn. D'iarr sí déirce air.

"Dheamhan greim le n-ithe ná le n-ól annseo", adeir sé, go dtaga mo mháthair, ón margadh", adeir sé.

"Muise dh'fhéadfa slám de na fuagóga a thabhairt dhom a dheasóchadh mo chuid sean-éadaigh".

Chaith sé amach slám fuagóga aice. Ghlac sí buidheachas leis agus chuir sí i dtaisge na fuagóga, inéineacht le píosaí an táilliúra.

128

Níor stop sí go ndeacha sí go dtí teach an táilliúra. Bhí sean-bhean istigh roimpe annsin, agus í, ag cur a chuid alluis, ag iarraidh bheith a réiteach dinnéir, is ag ghearradh sgiollán. Bhí pota fataí crochtadh ar an teine aice.

“Tá na fataí thíos”, adeir sí, “agus is gearr go mbeidh said bruighthe”. Bhí pota feola, ar leath taobh na teine aice.

“Suidh síos”, adeir an chailleach, “agus má ghearr tú aon sgiolláin ariamh, tabhair comhgnamh dhom, ag gearradh na sgiollán go mbeidh na fataí bruighthe agus go n-ithidh tú do dhinnéir”.

“Go raibh maith agat”, adeir an bhean óg a bhí ag iarraidh na déirce, adeir sí.

Fuair sí sgian agus thosuigh sí ag gearraidh na sgiolláin agus bhí carnán maith gearrtha aice nuair a bhí an dinnéar réidh ag an gailleach.

129

Nuair a bhí an dinnéar réidh aice, blaodhadh isteach ar na daoine a bhí ag obair amuich. Bhí triúr eile inéinfheacht leis an mac agus é fhein. Thainigeadar isteach chun an dinnéir. Leagadh fataí agus feoil agus cabáiste acab agus leagadh pláta fataí agus feoil agus cabáiste ag an mbean déirce, chos na teineadh.

“Muise go gcuiridh Dia, an t-ádth ort agus fan in éindigh liom beagán laetheannta, ag gearradh na sgiollán”, adeir an chailleach.

“Níl fhíos agam cá bhfuil mo dheifir” adeir sí, ach go gcaithfidh mé bheith ag siubhail romham”.

Bhí áit mhaith aice go maidin Dia Sathairn inéinfheacht, leis an t-sean-bhean.

“Maise tá mé sáthach fada annseo anois”, adeir sí.

D’fhág sí slán ag an t-sheanbhean agus d’imnigh léithe féin. Bhí sí sa mbaile trathnóna Dé Sathairin.

130

Luath go leor ar maidín, Dé Domhnaigh, bhí an tailliúr ar an talamh agus é féin socruighthe suas. Is is gearr ina dhiadh go dtáinig an ffigheadóir is é fhéin chó slíocuighthe is a d’fhéafadh sé a bheith. Is gearr ina dhiadh go dtáinig an talmhaidhe. Ní raibh sé sin in órdú chó maith leis an bhfigheadóir ná leis an táilliúr. Réithigheadh dinnéir ann agus ise a bhí a réiteach an dinnéir. Bhí sí shuas ag íochtar a’ drisiúir a bhí ann ina sheasamh. Is ann a bhí a’pota leagtha, a raibh an fheoil is an cabáista a bhí bruighthe ann. Shocruigh sí suas ar phláta píosaí an tailliúir. Leag sí fuagóga an ffigheadóra ar phláta eile. Tháinig sí anuas agus pláta is gach aon láimh acab léith. Leag sí pláta na bpíosaí ag an tailliúir agus pláta na bhfuagóga ag an bhfigheadóir.

131

D’éirigh gach duine do léim, agus níor fhan aon duine acab le fiafruighe cén dath, a bhí orthab, gur ghlan siad an dorus. Leag sí pláta feola agus fataí agus cabaiste ag an talamhaidhe agus bhí sí fhéin aige faoi dheire.

4/9/33

O B 6/11/33

Go mba fearr a bhéas tú bliain ó indiú agus i mbuaidh agus i dtreis.----S.O.B.

Seasgadh na gcearc ó Shamhain go Nodhlaig.

D'éirigh an fhairrge ina trí tonna tol-bhara agus na hardlaigh ciath ionnta.

Árdlaigh ciath uafásach leis an measgudh a bhí sí a fhághail.

D'iarr sé uirthi suidhe síos agus a sgith a leigeann.

Do dona is do dhocharnacht

Luicht óir leaghta

Cúinne téadrach ina gcárnán an cúinne

Sgeith sé amach an cúinne

I dtólamh

Ní beag dhun sin.

132

Ar bord an t-soithigh

Rásúr rásúirí rásúirí caola cruadhach

Órailte soitheach órailte í bheith faoi phlataí óir

Triúr cloinne Rí na Headainne

imthighthe go tír Lochlann----- inéinfeacht le na cearca.

As Dásácht

Ag á n-a chéile pósadh ag á n-a chéile iad.

Larais Chinn dearg ingean rí Albanach

Éan an ghrí Mhuimhneach

Bhí sí cinnte orta

Tabhair do chúrsa, thug sé chursa, ar reoidh.